Oíche Shamhna sa Naíonra



Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



Imigh Leat Ollphéist Dhána!

Imigh leat ollphéist dhána, Imigh leat
Imigh leat cailleach ghránna, Imigh leat
Imigh leat púca bán, Imigh leat
Imigh leat cat dubh, Imigh leat



Fonn: ‘Go AwayI ó Super Simple Songs
Focla: Ár mbuíochas le Sonya i Naíonra Éanna



Oíche Shamhna

Oíche Shamhna is bairín breac,
Fáinne is cnónna sa bhairín breac,
Oíche Shamhna, bairín breac,
Is maith liom Oíche Shamhna



Foinse: Maidin sa Naíonra

Seán na Gealaí

Púca

Púca! Púca! Is mise an púca!
Púca! Púca! A haon, dó, trí!
Seo í an oíche, Oíche Shamhna,
A théim ar cuairt chun do thí,
Chun do thí!

Nod: Is féidir an focal púca thuas a mhalartú le cailleach, puimcin, cat dubh nó rud ar bith eile chomh maith!



An Taibhse

Taibhse! Taibhse! Is mise an taibhse!
Ag eitilt liom amach is isteach.
Taibhse! Taibhse! Is mise an taibhse!
Coimhéad thú féin — tá mé ag teacht!

An Chailleach

Dubh mo hata,
Dubh mo chlóca,
Dubh mo lámha,
I mo phóca.





Foinse: An Gúm, Cúrsa Comhtháite Gaeilge
- Leabhar an Oide B www-forasnagaeilge.ie

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna



D R M R

Oíche Shamhna,

D R M R

Oiche Shamhna,

S S S F M R D

Gealach mór go hard sa spéir,

D R M R R D R D

Cailleach ghranna is cat mór dubh,

S F M R D D

Coire domhan draíochta,

D R M

Míáú! Míáú! Míáú !

R D R M

ársa an cat mór dubh,

S F M R D

Úúú a deir an sciathán leathair,

S

Úúú, Bú!



Foinse: Is leagan d'amhrán é seo a roinn Ciara Ní Bhruacháil, Naionra Cholmcille agus Sorcha Grae, Naionra Cois Bá.
Ar mbuiochas le Sorcha as an gceol a chur ar fáil freisin.

ialtóg / sciathán leathair

cailleach / fuachaid

coire

Oíche Shamhna, Aon Dó, Trí

Oíche Shamhna
Oíche Shamhna
Aon, dó, trí.

Cailleach agus
taibhse ina suí.
Há, há, há.
Hí, hí, hí.

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna
Aon, dó, trí.



Foinse: An tÁisaonad

Oíche Shamhna, Bairín Breac

Oíche Shamhna
Oíche Shamhna,
Bairín Breac
Bairín Breac,
Úlla agus cnónna, úlla agus cnónna,
Is maith liom iad, is maith liom iad.



Fonn: Frère Jacques
Foinse: www.teangati.ie

Páidín Puimcín

Páidín Puimcín, Páidín Puimcín
Ina shuí, ina shuí
Tá hata deas glas
Ar a cheann mór trom
Súile buí, Súile buí!

Fonn: Frère Jacques
Foinse: Ár mbuíochas le Maebh i Naíonra Naithí as an amhrán seo a roinnt linn.

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna,
Ull beag buí,
Cailleach agus púca ina suí.
Oíche Shamhna,
Úll beag buí,
Cailleach agus púca ina suí.



Fonn: Lonraigh, lonraigh
Foinse: www.ballylinannationalschool.com

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna,
Oíche Shamhna,
Féasta mór,
Féasta mór,
Úlla 'is oráistí
Úlla 'is oráistí
Banana 'is cnó,
Banana 'is cnó



Fonn: Frère Jacques
Foinse: Bróga Nua

Damhán Alla

Damhán alla
Damhán alla
Ar an mballa
Ar an mballa

Tháinig éan
Tháinig éan
Ó mo léan!
Ó mo léan!

Foinse: www.teangati.ie

Oíche Shamhna



Oíche Shamhna
Púca is cailleach
Oíche Shamhna
Téigh i bhfolach

Oíche Shamhna
Púca is cailleach
Oíche Shamhna
Téigh..... i bhfolach!

Foinse: www.cula4.com

Gabhann Gaeloideachas buíochas mór ó chroí leis na Naíoraí a roinn na hamhráin seo linn.

Tuilleadh áiseanna, acmhainní, eolas agus tacaíocht ar fáil ar ár suíomh GaeilgeDonNaionra.ie

www.gaeloideachas.ie

@Gaeloideachas

@Gaeloideachas

Gaeloideachas

@Gaeloid

eolas@gaeloideachas.ie